Súil an Daill

Darach Ó Scolaí

LEABHAR BREAC

An Chéad Eagrán 2021
© Darach Ó Scolaí, 2021
Leabhar Breac 2021

Ghnóthaigh an leabhar seo Duais an Oireachtais 2019

ISBN 978-1-913814-14-4

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí CL

Foras na Gaeilge
Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.

Tá an t-údar buíoch de Chlár na Leabhar Gaeilge a bhronn coimisiún air agus den Chomhairle Ealaíon as an sparánacht a bhronn siad air agus é i mbun pinn.

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com 091-593592

CLÁR

AN CHLIAR		6
LÉARSCÁILEANNA		8
RÉAMHSCÉAL		11
CAIBIDIL I	Aodh Easpag	19
CAIBIDIL II	An Constábla	43
CAIBIDIL III	Rún agus Mírún	85
CAIBIDIL IV	Iníon na Dúcharraige	125
CAIBIDIL V	An Mheirg	159
CAIBIDIL VI	Ó Cheann go hImleacán	170
CAIBIDIL VII	Prionsa an Dóchais	188
GLUAIS		237

AN CHLIAR

Conn Bacach agus a Mhuintir

Conn Bacach mac Coinn — Ó Néill, Tiarna Thír Eoghain (1519-1558); a phríomháras aige i nDún Geanainn.

Feilimí Caoch mac Coinn Bhacaigh — mac Uí Néill; fearann aige i gClann Chana ar bhruach Loch nEathach.

Onóra iníon Fheilimí Bhacaigh Uí Néill Éadain Dúcharraige — bean Fheilimí Chaoich.

An Fear Dorcha mac Coinn Bhacaigh — mac Uí Néill.

Toirealach, Conn Óg, Brian agus Seán mac Coinn Bhacaigh — ceathrar mac eile le hÓ Néill.

Niall Conallach mac Airt Óig — Tánaiste Uí Néill, mac le deartháir Choinn, Art Óg (Ó Néill: 1513-1519), agus ceann fine ar theaghlach de mhuintir Néill in iarthar an Tiarnais (sliocht Airt Óig); cónaí air sa Seanchaisleán cois Moirne.

Róise Ní Dhónaill — iníon Aodha Dhuibh Uí Dhónaill (Ó Dónaill: 1505-1537) agus bean chéile Néill Chonallaigh Uí Néill.

Niallaigh Eile

Feilimí Rua Ó Néill — ceann fine ar theaghlach de mhuintir Néill sa bhFiodh i ndeisceart an Tiarnais; cónaí air sa nGlasdromainn.

Aodh mac Néill mhic Coinn Uí Néill — ceann fine ar Shliocht Airt; ar an Ómaigh atá cónaí air.

Feidhmeannaigh an Tiarnais

Conchúr Mac Ardail — feidhmeannach agus comhalta de chuid Uí Néill. Ar a chlann mhac, tá Giolla Phádraig agus Conchúr Óg.

Pádraig Óg Ó Maoil Chraoibhe — feidhmeannach de chuid Uí Néill.

An Lucht Tí (príomhtheaghlaigh an tiarnais)

Ó Doibhlin — ceann fine na nDoibhlineach (príomhtheaghlach an Lucht Tí), ceannaire ar cheithearnaigh Uí Néill.

Ó hÁgáin — ceann fine mhuintir Ágáin, maor ar Leac na Rí, ardfheidhmeannach de chuid Uí Néill; a phríomháras i dTulach Óg.

Ó Donnaíle — ceann fine na nDonnaíleach, Marascal Uí Néill.

Ó Coinne — ceann fine mhuintir Choinne, ardmhaor de chuid Uí Néill.

Clann Dónaill Gallóglach

Mac Dónaill Gallóglach .i. Giolla Easpaig mac Colla Óig Mhic Dhónaill — Constábla Uí Néill, ceann fine ar ghallóglaigh Thír Eoghain; fearann aige i gCnoc na Cloiche.

Art mac Colla Óig Mhic Dhónaill — deartháir Ghiolla Easpaig.

Eoin mac Somhairle Mhic Dhónaill — ceann feadhna de chuid Chlann Dónaill Gallóglach.

Na hAlbanaigh

Alastar mac Raghnaill Bhuí Mhic Dhónaill — ceann fine ar theaghlach Albanach a raibh Leath Chathail ar chósta thoir Chúige Uladh faoina smacht.

Máire nic Raghnaill Bhuí Mhic Dhónaill — deirfiúr Alastair.

An Chléir

Aodh Ó Cearúlláin — Easpag Chlochair, séiplíneach Uí Néill.

Éamann Mac Cathmhaoil — Déan Ard Mhacha, Prióir an Chéile Dé.

Seinicín Mac Daimhín — oifiseal agus seanascal an ardeaspaig in Ard Mhacha; é ina chónaí i dTeach an Ard-Easpaig i nDroim Mairge.

Taoisigh Eile

Ó Dónaill — taoiseach ar Thír Chonaill, a phríomháras aige i mBéal Átha Seanaidh.

Mac Mathúna — taoiseach ar Oirialla; cónaí air i Muineachán.

Gearóid mac Gearóid Óig Mhic Gearailt — 'An Gearaltach Óg', Iarla Chill Dara. É ruaigthe ag na Sasanaigh as a fhearann i gCúige Laighean.


Loch Feabhail
OIREACHT UÍ CHATHÁIN
An Bhanna
Doire Cholmcille
Éadan Dúcharraige
AN CHOILL IOCHTARACH
SLIABH SÍOS
An Seanchaisleán
AN LUCHT TÍ
Ard Sratha
Ard Bó
Loch nEathach
An Ómaigh
Tearmann Mhic Oirc
Dún Geanainn
Inis Dabhaill
CLANN CHIANA
CLANN BHREASAIL
An Bhinn Bhorb
An Bhanna
AN CHLOSACH
Cionn Aird
NA hOIRTHIR
An Abhainn Mhór
Clochar
Ard Mhacha
Tigh Damhnata
SLIABH FUAID
Loch Goilí
Iúir Chinn Trá
OIRIALLA
Muineachán
An Ghlasdromainn
An Feadán
CUAILNGE
AN FIODH
Dún Dealgan
AN PHÁIL
TÍR EOGHAIN
1539


Cnoc na Cloiche
Leac na Rí
Tulach Óg
Loch
nEathach
Cluain Eo
Inis
Dabhaill
AN LUCHT TÍ
An Toraínn
Domhnach Mór
Doire Barrach
CLANN BHREASAIL
An Bhanna
Baile Uí Dhonnaíle
Dún Geanainn
Machaire
Gréine
Maigh gCaisil
CLANN CHANA
Loch Corráin
An
Bhinn
Bhorb
An Abhainn Mhór (An Dabhall)
MUINTIR
BHEIRN
CLUAIN
DABHAILL
UÍ NIALLÁIN
Loch gCál
Cionn
Aird
Tuíneán
Ard Mhacha
NA
hOIRTHIR
Machaire
Locha Cubha
Port Mhic
Fhailleagáin
Lios an Daill
CLANN
CHEARNAIGH
Maigh Lorcáin
COIS
DABHAILL
1539
Baile an Mhaoir
Loch Goilí

RÉAMHSCÉAL

LÚNASA na bliana 1534, tionóladh graifne is geallta each i Muineachán agus le mochshoilse na maidine tháinig macra is iníonra na tíre go glórach gáiriteach ag triall ar bhaile Mhic Mhathúna. Ar an má — idir teach, loch is mainistir — is ea a chruinnigh an slua. Cuireadh píoba á seinm, leathadh brait ar mhóta glas an tí agus dáileadh bia is deoch ar uaisle is ar ísle. Agus, le buille an mheán lae, bádh cuaille i gcré, crochadh bláthfhleasc agus, faoi spéir scamallach liath, thug na marcaigh na heacha amach ar an ré.

Ar an ordú sin dóibh go bhfacadar marcach ar chapaillín gearrchosach thar tóchar aniar chucu: bleitheach breá sagairt, a bhairéad ar feirc ar a mhullach cas órbhuí agus brat den éadach uasal os cionn a ghúna dhuibh, giolla ag marcaíocht ina dhiaidh aniar agus bromach ar srian aige. Ina shuí i mbéal a phailliúin roimhe bhí Mac Mathúna, Tiarna Oiriall, a bhantracht agus a ghiollanra mórthimpeall air faoi éide aonaigh is oireachtais. Caol díreach leis an sagart chuige gur ísligh dá chapall agus gur chrom a cheann in umhlaíocht don seantaoiseach.

'*Salve, mi domine*,' ar sé. 'Is mé Aodh Ó Cearúlláin,

séiplíneach Uí Néill, agus is ag breith bronntanais chugat ó mo thiarna a thánag.' Agus chomharthaigh dá ghiolla an bromach a thabhairt i láthair.

Dhearc an taoiseach an bromach seang fadchosach — í ar dhath an fhéich ó smut go speir — agus lig osna as. 'Tabhartas Uí Néill agus a dhá shúil ina dhiaidh, a deirid, óir níor thug Ó Néill aon ní uaidh riamh gan a dhá oiread a iarraidh ar a shon. Céard is mian leis an uair seo?'

'Le toil Dé, a Thiarna, is é mian Uí Néill mise a bheith i m'easpag ar Chlochar, agus is lena bheannacht a iarraidh ar Thiarna Oiriall a chuir sé anseo mé.'

'Bromach a thugann sé ar dheoise, an ea?'

'Bromach den phór uasal a thugann sé ar do bheannachtsa, a Thiarna, agus is go fial a chaitheann sé lena chairde.'

Leag giolla mias leathan uachtair os comhair an taoisigh agus dhoirt lán corcáin de fhraochóga úra an tsléibhe isteach inti.

'Buail fút, a Athair,' arsa an taoiseach, 'go n-íosfaidh tú greim inár gcuideachta. Agus, mura bhfuil beithíoch éigin á iarraidh ar a shon aige, iarr beannacht ó Dhia ar an bproinn seo dúinn.'

Lig an séiplíneach dordán rómhór gáire as. 'Déanfad sin go fonnmhar,' ar sé, 'ach tá teachtaireacht le tabhairt ar dtús agam don Athair Mac Ardail.'

Shín an taoiseach a spúnóg le fear íseal téagartha a bhí ina shuí ar shleasa an mhóta agus púir ógánach ina thimpeall. 'An mart léannta úd thall sa ngúna dubh tréigthe,' ar sé, 'sin é do Chonchúr Mac Ardail duit.'

Leis sin, chrom an séiplíneach a cheann gur thug altú do Dhia as fómhar fial na bhfraochóg, agus nuair a bhí an méid

sin déanta aige — agus áiméan curtha ag an gcomhluadar leis — d'fhéach sé in airde ar an taoiseach arís. 'Tá do bheannacht agam, mar sin, a Thiarna?'

Dá bhuíochas, lig an taoiseach scairt gháire as. 'Cé go bhfuilid ann i measc na cléire a iarrann íocaíocht ar bheannacht, tabharfadsa mo bheannacht in aisce duit agus, le faitíos go mbeadh Ó Néill ina dhiaidh orm, bronnfad an bromach seo ar an té a bhainfeas an chraobh inniu,' ar sé, agus chomharthaigh dá ghiolla an bromach a thabhairt leis.

Ghabh an séiplíneach a chead ag an taoiseach agus d'imigh de shiúl thart timpeall ar an macra a bhí i mbun each-chleasaíochta ar an bhfaiche. Sa lucht féachana, bhí ógánach rua sna déaga a raibh gúna fada an mhic léinn air. Chuir an séiplíneach bleid air. I Laidin a labhair sé leis agus is sa Laidin chruinn chéanna a d'fhreagair an t-ógánach é.

'Is maith mar a thugais teagasc d'oide leat, a stócaigh,' arsa an séiplíneach. 'An féidir gur dalta le Conchúr Mac Ardail thú?'

'Is féidir sin go deimhin,' arsa an t-ógánach.

'Inis seo dom, más ea. Dá mba mhian le mac léinn dílis a oide a mhealladh le féirín, cén mírín méine a bhéarfadh sé chuige?'

Nuair nár fhreagair an t-ógánach ar an toirt é, shín an séiplíneach pingin chuige.

'Ní hansa,' arsa an t-ógánach. 'Leabhair léinn, gan amhras.' Agus d'ardaigh a bhos gur dhiúltaigh don tabhartas. 'Tá do chuid is do bhuíochas anois agat, a Athair,' ar sé. 'Is mór agam an deis cabhrú le sagart ionúin a chastar sa tslí dom.'

'Agus cén tslí í sin?'

'Slí an léinn, a Athair. Is chuige sin an samhradh á

chaitheamh ar scoil an mháistir agam óir sa bhfómhar triallfad ar an scoil mhór in Ard Mhacha,' ar sé, agus chuir é féin in aithne don sagart.

'Nó go gcastar ar a chéile arís sinn, más ea, a Thoirealaigh,' arsa an séiplíneach, agus chrom a cheann go cúirtéiseach.

Go Conchúr Mac Ardail leis ansin, a ghiolla agus an t-ógánach sna sála air. Ar fhánán glas an mhóta a bhí sé siúd agus scata daltaí ina chuideachta, a mbratóga leata amach ar an bhféar agus iad luite fúthu ar a sócúlacht. Fear faoi bhun an leathchéid a bhí san oide; é bánghnúiseach dubhfholtach, gúna preabánach dúdhonn go colpaí air agus súile geala gorma ar beolasadh faoina mhalaí móra dubha; a thriúr mac féin suite lena thaobh: triúr gearrstócach a bhí chomh dubh daolach leis féin.

De ghlór íseal, chuir an séiplíneach é féin in aithne. 'Ní dea-scéala atá agam duit, a Chonchúir Mhic Ardail,' ar sé. D'éirigh Conchúr agus thug i leataobh é gur labhair an séiplíneach an athuair. 'Is oth liom go bhfuiltear tar éis do bheathú a scor.'

'Déan Ard Mhacha a d'ordaigh?'

'An Déan Mac Cathmhaoil gan aon agó. Is dócha go bhfuil an scoil anseo ag brath ar do bheinifís?'

'Tá agus bean is clann is viocáire!'

'Chuala go rabhais sa Róimh. Go deimhin, cloisim go bhfuil teanga na tíre sin go paiteanta agat. Tar liomsa don Róimh chun an deoise seo a iarraidh ar an bpápa dom agus gheobhair luach do shaothair agus deis ar do pharóiste féin a éileamh ar ais.'

'Nach maith go dtugann an déan bóthar domsa tráth a bhfuil fear teanga de dhíth ortsa?'

'Is ar mhaithe leat é, a Chonchúir.'

'Ar mhaithe leis an scoil a thug ár n-easpag beannaithe beinifís an pharóiste dom — suaimhneas síoraí dá anam íon, níor iarr sé riamh orm mo bhean is mo chlann a shéanadh — ach ní ar mhaithe liom atá tú féin, a Aodh Uí Chearúlláin, ná an cráiteachán maol mantach sin thoir.'

'Mar is eol duit féin go rímhaith, a Chonchúir, in éagmais bheathú na heaglaise, is deacair do chléireach an snáithe a choinneáil faoin bhfiacail, gan trácht ar ghreim a choinneáil le bean is páistí. Nuair a bheadsa i m'easpag, ní bheidh feidhm le focal an déin sa deoise seo — ná le focal an ardeaspaig féin! — agus bheadh scoil a dhiongbhála ag an té a thiocfadh chun na Róimhe liom.'

Ní raibh smid as Conchúr.

'I gcríocha grianlasta Chicearó, a Chonchúir liom, d'ólfá meá as tobar na saoithe.'

Smid fós ní dúirt.

'Agus chuirfeá barr ar do thaisce leabhar.'

Leis sin, labhair Conchúr. 'Ní raibh aon dul amú ar Thoirealach, muis,' ar sé, agus las an t-ógánach rua go bun na gcluas. D'fháisc Conchúr a lámh go ceanúil ar a ghualainn agus chuimil lámh eile ar mhullach dubh an mhalraigh a bhí i ngreim ina ghúna. 'Ach tá cúraimí eile orm. Tá fostú anseo agam mar chléireach agus mar oide ag clann Mhic Mhathúna.'

Dhruid an séiplíneach isteach le Conchúr gur labhair i gcogar. 'I seirbhís Uí Néill féin atáimse, agus is iad seacht gcúraimí an tiarnais atá orm. An té a bheadh i mo sheirbhís-se, ní ag múineadh scoile a bheadh sé ach ag obair taobh liom chun scoileanna a chur á ndéanamh agus oibreacha móra eile an tiarnais a chur i gcrích.' Thost sé sular labhair arís. 'Agus

mo cheistse ort, a Chonchúir mhic Éinrí Mhic Ardail,' ar sé, 'an bhfuilir sásta breith ar an splanc?'

Leis sin, séideadh an bonnán, ligeadh liú, fáisceadh glúin le cliathán agus, i bhfad amach ar an má, phreab na heacha chun cinn. Seachtar marcach a bhí ag gluaiseacht go géar gasta in aon bhaicle amháin, iad faoi léinte ildathacha, foilt is muinchillí ar foluain le gaoth, crúba na n-each ag baint torainn as an bhfód. Leath bealaigh anoir dóibh, agus gan idir na heacha ach leiceann, scoith marcach amháin na marcaigh eile ar an ré gur imigh roimhe sna feiriglinnte, an slua ag éirí den talamh le díocas agus ainm an mharcaigh á fhógairt go hard.

'Cé hé siúd?' arsa Toirealach.

'Mac Uí Néill,' arsa Conchúr.

'Marcach na leathshúile,' arsa bean lena n-ais, 'deirid nach mbreathnaíonn faoi ná thairis ach go n-imíonn caol díreach roimhe le teann díocais is dásachta.'

Chuir an séiplíneach a bhéal le cluais Chonchúir. 'Ní bheidh clann Mhic Mhathúna ina ndaltaí i bhfad eile,' ar sé, 'agus is mó go mór na deiseanna a bheadh ag clann mhac an té sin a bheadh ar fostú agamsa ná mar a bheadh ag ál cléirigh gan bheathú gan bheinifís i bpoll tóna seo an chúige.'

Bhí na marcaigh beagnach sa mullach orthu, an móta ar creathadh agus scraitheanna á n-ardú faoi chrúba na gcapall. De ruathar thar phailliúin an tiarna leis an gcéad mharcach, shín sé amach as an diallait gur sciob an bhláthfhleasc den chuaille, á crochadh san aer. Leis sin, scairt an ghrian agus d'ardaigh an glórmhach is an gleadhradh gur ghread sé siar tharstu ina thoirneach, a fholt scaoilte, a léine ag brataíl sa ngaoth, é in aon bharr amháin solais.

Gan a shúile a bhaint den mharcach, labhair Conchúr os ard chun go gcloisfí os cionn ghleo an tslua é. 'Scoileanna agus oibreacha an tiarnais faoi mo chúramsa amháin, a deir tú? Déanfad mo mhachnamh air,' ar sé.

Agus rinne.

CAIBIDIL 1

Aodh Easpag

MÍ AN MHÁRTA 1539, tráth a raibh Ó Néill .i. Conn Bacach mac Coinn, ar a chamchuairt i ndeisceart a thiarnais, tháinig biatach maith dá chuid as na hOirthir chuige chun réiteach a iarraidh ar imreasán. Bhí pobal na dúiche chomh mór in árach a chéile, arsa an biatach, go raibh scoileanna gan freastal, bóithre gan taisteal, agus goirt gan treabhadh le faitíos roimh bhradaíl is bithiúntas, roimh dhíbheirg is dúnorgain. Thug Conn cluas dá bhiatach agus toradh dá iarratas gur thug cuireadh chun oireachtais d'uaisle uile na dúiche sin.

Trí lá is trí oíche a chaith Conn agus a chomhluadar cois locha i dteach a bhrughadh i mbaile Uí Lorcáin gur fhógair a bhreitheamh go rabhadar tagtha ar réiteach a bhí sásúil do chách. Mhóidíodar a ndílseacht dá dtiarna agus a gcairdeas dá chéile ar Chlog Bán Ard Mhacha, scoireadh teach an oireachtais, agus d'fhill uasal is íseal ar a dhea-bhaile féin faoi shíth is faoi shíocháin.

An mhaidin sin, fad a bhí a mhuintir ag ullmhú go callánach chun bóthair arís — idir cheithearn is chléir, bhantracht, mhacra is ghiollanra — mhol a reachtaire aeraíocht faoin sliabh do Chonn óir bhí an ghrian ag soilsiú trí chuisne an earraigh ar an talamh briosc tirim faoina gcosa agus na fuiseoga ag ceiliúr go hard sa spéir ghlan os a gcionn.

‘Má thugann tú beagchuideachta siar go Clann Chearnaigh leat,’ arsa an reachtaire, ‘tabharfadsa an giollanra ó dheas go Loch Goilí go mbeimid i dteach Uí Anluain romhat anocht.’

‘Tá go maith,’ arsa Conn. Gabhadh an t-eachra, agus ghluais sé roimhe go tostach as Maigh Lorcáin lena bheirt mhac, lena cheann comhairle, lena sheabhcóir, lena ghiollaí, agus le dhá fhichead óglach, agus níor íslíodar dá n-eacha gur bhaineadar fásach ciúin sléibhe is caschoille amach i gClann Chearnaigh, na coiníní ag imeacht de phocléim uathu faoin raithneach feoite rua agus na meantáin ag fuirseoireacht sna driseoga loma máguaird. Scoradh an t-eachra agus scaoileadh an seabhac.

Dreapadh go barr maoláin ísil ghlais a rinne Conn gur bhuail faoi ar bhollán buí cloiche, a smig ina bhois, a uillinn ar a ghlúin, a sháil báite sa talamh, agus a shúil in airde ar an seabhac ar guairdeall i bhfirmimintí an aeir. Ag tarraingt ar na trí fichid a bhí sé; é leathanghuailleach, dearg-ghnúiseach, liath-fhéasógach; folt tanaí rua ar a phlait bhricíneach dhearg. É fiche bliain i bhflaitheas.

Ina dhiaidh aniar a tháinig a bheirt mhac, iad ag baint na sála dá chéile ar an gcosán rite go barr na tulaí. Chaith Feilimí Caoch é féin anuas le taobh a athar. Eisean ba shine den bheirt: bunfhear donnchiabhach in éadaí geala gáifeacha, paiste leathair ar leathshúil agus splanc an fhiántais sa leathshúil eile, colm mar a bheadh deoir bhán faoi phaiste na súile.

‘An bhfuil sé in am agat pósadh arís?’ a deir sé ar fheiceáil dhreach ghruama a athar dó. ‘Is fada gan chéile thú agus is fada sinne gan bhantiarna.’

'Ní hé sin é ach é seo,' arsa Conn. 'Ba mhaith í an chomhdháil. Ba mhaith í murach aon ní amháin.'

'Agus cén ní é sin?'

'Gan Feilimí Rua mac Airt a theacht inár láthair.' Fear gaoil dá gcuid an Feilimí eile siúd, agus ceann teaghlaigh ar shliocht de na Niallaigh sa bhFiodh i bhfíordheisceart an tiarnais.

'Cén t-iontas sin,' arsa Feilimí Caoch, 'ós rud é go bhfuil Niallaigh an Fheá in earraoid linn ó gaireadh tusa ar Leac na Rí in áit duine díobh féin? Ach seanscéal é sin agus ó tharla gur ceann fine nua ar a theaghlach é an giolla rua seo, nach deis é seo lena mhealladh linn?'

'É a mhealladh, a deir tú?' D'fhigh Conn a mhalaí ar a chéile. 'Ach is mar chomhartha easumhlaíochta domsa a dhiúltaíonn sé cuireadh chun dála uaim,' ar sé, 'agus mura gcuirim iallach air, is mór an easonóir a bheas ann dom. Nach fíor dom é, a Fhir Dhorcha?'

Ba é an Fear Dorcha ab óige den bheirt deartháireacha: fear mórchnámhach dubh, brat odhar air agus ionar leathair marcaíochta. 'Is fíor sin go deimhin is go dearfa duit, a athair dhil,' ar seisean. 'An mian leat go múinfinnse fios a bhéasa dó?'

Lig Feilimí osna as. 'Nár lige Dia go mbeadh ar aon duine béasa a fhoghlaim uaitse!'

'Seo í an uain,' arsa an Fear Dorcha lena athair. 'Mealltar anseo chun dála é agus, fad a bheas sibhse i mbun allagair, tabharfadsa buíon marcach ó dheas i ngan fhios dó go dtiomáinfead a bhólacht chun siúil. Coinneoimid ina éadan go deireadh earraigh ionas nach mbeidh de rogha aige faoi Bhealtaine ach ruathar a thabhairt thar teorainn ó dheas chun bólacht a bhreith ó na Gaill. Ionsóidh siadsan ansin é,

ionsóimidne arís é,' a dúirt sé, agus leath cár gáire ar a bhéal. 'Coinneoimid idir dhá thine é.'

Sméid Conn a cheann go smaointeach.

Lig Feilimí gáir as. 'É a choinneáil idir dhá thine, a deir tú? Ach céard a tharlódh dá dtiocfadh sé féin is na Gaill chun réitigh? Céard a tharlódh dá gcuirfeadh Feilimí Rua agus na Gaill le chéile agus dá dtiocfaidís in éineacht inár n-aghaidh? Bheadh tine faoi do thóin ansin agat!' Nuair nár thug an Fear Dorcha aon fhreagra air sin, labhair Feilimí Caoch an athuair: 'Ní hiad béasa an fhir fill a chuirfeas iasc in inbhear is meas ar craobh — ná do chuidse crochadóirí a chur amach ag leagan claíocha is ag fuadach caorach! — ach oineach is onóir an taoisigh.' Chuig a athair a d'iompaigh sé ansin. 'Nach deis é seo agatsa do mhórgacht a chur in iúl don tiarnas ar fad?'

'Abair leat,' arsa Conn.

'Breathnaigh uait siar,' arsa Feilimí Caoch gur shín a mhéar le dúchoillte Shliabh Fuaid ar fhíor na spéire ó dheas. D'éirigh Conn ina sheasamh. 'Dá bhfágfaimis seo anois, bheimis i dteach Fheilimí Rua ar an nGlasdromainn go luath sa tráthnóna gan súil ar bith linn. Cé a bheadh ina chuideachta ach clann, cosmhuintir is ceithearnaigh tí? Nárbh fhurasta dúinne — don bhuíon bheag seo againne — a ghabháil chuige, gan armshlua, gan slógadh, gan an chloch féin sa muinchille, agus a thaispeáint dó féin is dá mhuintir — agus do phobal an tiarnais fré chéile — an ní is fíorfhlaith ann?'

Tharraing Conn ar a fhéasóg fhada liathbhán.

'Ní díth céille go dtí é,' arsa an Fear Dorcha go searbh.

Aníos an cosán chucu, tháinig Aodh Easpag, a bhrat sróil feistithe thar a leathghualainn, *berretto* leathan corcra anuas thar a mhullach catach órbhuí, agus é ag cneadadh is ag

cuachaíl le teann saothair. Thit an brat dá ghualainn. Phreab eachlach óg dubh ina dhiaidh gur thóg an brat den talamh agus gur lean an t-easpag mór groí go barr an chnocáin fhormhaoil, a bhrat ar bhacán a láimhe aige dó.

'Do bharúil, a Aodh?' arsa an tiarna lena bhurla breá easpaig, óir ba é siúd a shagart faoistine agus a cheann comhairle. 'Céard is déanta le Feilimí Rua? É a chreachadh is a shlad go n-iarrfaidh sé síocháin orainn, mar a mhol an Fear Dorcha, nó sinne síocháin a iarraidh air siúd, mar a mhol Feilimí s'againn féin?'

Bhí a anáil i mbarr a ghoib ag an easpag tar éis a shaothair.

Is é Feilimí a d'fhreagair. 'Dar ndóigh,' ar sé, 'is síocháin atá ónár n-easpag eagnaí ar mhaithe lenár dtiarnas a shaibhriú is a neartú.'

'Le hAodh a labhras,' arsa Conn go tur.

Thóg an t-easpag a bhrat ón eachlach. 'Is fíor do do mhac, a Thiarna. Chuirfeadh síocháin sa tiarnas ar do chumas cogadh a fhearadh thar teorainn.'

'An ionann sin is a rá,' arsa an Fear Dorcha, 'go gcaithfidh an tiarna géilleadh d'easumhlaíocht agus d'easonóir ina thír féin?'

'Go ngéillfinnse d'easonóir i mo thír féin?' arsa Conn. 'M'anam nach ngéillfead!'

Bhí streill go cluais ar an bhFear Dorcha.

D'fhreagair an t-easpag go gasta. 'Ní ghéillfidh ná é, a Thiarna!' ar sé, gur iompaigh chuig Feilimí. 'Is fíor do d'athair é, a Fheilimí liom, ná síltear gur fearr an trócáire ná an ceart, óir, mar a deir Castiglione, nuair a mhaitear an té atá ciontach, déantar éagóir ar an té nach bhfuil — agus is ar cheart agus ar fhíor flatha a bhraitheann oineach is urraim an tiarna.'

‘Múintear ceacht dó, más ea?’ arsa Conn.

‘*Si vis pacem, para bellum*,’ arsa an t-easpag. Ansin, ar fheiceáil na straince ar Chonn dó, labhair arís, ‘Más síocháin atá uait, bí ullamh do chogadh. Ach ná fearaimis cogadh gan dul i gcomhairle lenár gcairde roimh ré agus an t-ullmhú cuí a dhéanamh.’

‘Amaidí!’ arsa Feilimí. ‘Más cogadh atá uaibh, buailigí — ar a laghad ar bith — an t-iarann fad is te dó nó ní bheidh de bharr bhur gcomhairle agaibh ach go n-éalóidh sé siúd thar teorainn orainn lena bhólacht. *Tarditas et procrastinatio odiosa est*.’

Chuir Conn smigeanna air féin. ‘*Procrastinatio*, a deir tú?’

‘Rud a chur ar athló,’ arsa an t-easpag.

‘Tuigim a chiall!’ arsa Conn go borb. ‘Ach nach diabhalta an tóir ar an Laidin atá ag an macaomh seo nach raibh a oide in ann maidí a choinneáil leis.’

Rinne an Fear Dorcha gáire fiodmhagúil. ‘Deirid go mbíonn sé féin is Onóra ag gabháil de na seanleabhair istoíche,’ ar sé.

Bháigh Feilimí a leathshúil ann.

Mhaígh a ghean gáire ar Chonn, d’éirigh agus d’fháisc gualainn an Fhir Dhorcha gur labhair ina chluais i gclos do chách. ‘Tá lá na cainte thart. Tionóltar comhairle an chogaidh agus múintear béasa don ghiolla rua.’

‘Tá go maith,’ arsa an t-easpag.

Lig Feilimí Caoch osna as, nocht an Fear Dorcha a dhraid go sásta, agus leis sin, d’ísligh an seabhac go ndeachaidh ag scinneadh os cionn na dtumacha gur chuir scaipeadh ar mhionéin.